

Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann
Teoranta

Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch
31 Nollaig 2014

COMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA hÉIREANN TEORANTA

TUARASCÁLACHA AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

CLÁR ÁBHAIR

LEATHANACH

| | |
|---|---------|
| STIÚRTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE | 2 |
| RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH | 3 - 4 |
| TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ | 5 - 8 |
| TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH | 9 - 10 |
| RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA | 11 - 13 |
| CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS | 14 |
| RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS AR CHAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA | 15 |
| CLÁR COMHARDAITHE | 16 |
| RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID | 17 |
| NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 18 - 26 |

COMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA hÉIREANN TEORANTA

STIÚRTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE

BORD STIÚRTHÓIRÍ

M. Dempsey
S Brady
J Harrington
J Tuite
S Boyle
K Horgan
M Weld

RÚNAÍ AN CHOMHLACHTA

J McStay

ATURNAETHA

McCann Fitzgerald
2 Plás Mháistir an Chuain
IFSC
Baile Átha Cliath 2

BAINCÉIR

Banc na hÉireann
Baile Chill Dara
Co. Chill Dara.

INIÚCHÓIRÍ

PricewaterhouseCoopers
1 Duga Spencer
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1

OIFIG CHLÁRAITHE

Tully
Cill Dara.
Co. Chill Dara.

UIMHIR CHLÁRAITHE

11451

COMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA hÉIREANN TEORANTA

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH 2014

Tuairiscíonn Graí Náisiúnta na hÉireann staid airgeadais níos fearr arís maidir le 2014. Bhí brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas de €1,829,284 (2013 €571,251) ag an gcuideachta.

Ba €7.9m an t-ioncam don bhliain, i gcomparáid le €6.7m in 2013, bhí an t-ioncam ó staileanna ardaithe €0.4m. Lean an rannóg turasóireachta ag feidhmiú go rathúil agus bhí ardú 4% ar an ioncam iomlán agus ardú 2% ar an líon cuairteoirí. San áireamh le figiúr na gcostas tá muirear dímheasa de €0.8m (2013 €0.7m).

RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

Thar ceann an bhoird, admháim ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Ní féidir le córas dá leithéid ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar in aghaidh earráidí ábharthacha agus tá an córas atá i bhfeidhm i gcomhréir le méid agus le nádúr an chomhlachta.

Ar na nósanna imeachta tábhachtacha atá curtha i bhfeidhm ag an mbord ar mhaithe le rialú airgeadais inmheánaigh éifeachtach a sholáthar áirítear iad seo a leanas:

- Struchtúr bainistíochta sainmhínithe a bhfuil a chuid dualgas deighilte go cuí ar fud na heagraíochta.
- Tá nósanna imeachta sainiúla soiléir i bhfeidhm chun ceannach, íocaíochtaí, admhálacha agus párolla a rialú.
- Tá beirt stiúrthóirí agus cathaoirleach seachtrach ar an gcoiste iniúchta agus riosca; buaileann siad le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar rioscaí. Chomh maith leis sin faigheann siad tuarascálacha tréimhsiúla ó fheidhm Iniúchta Inmheánaigh sheachfhoinisithe.
- Pléitear rioscaí gnó tábhachtacha ag an mbord agus déantar cinntí bunaithe ar an gcomhairle ghairmiúil is fearr atá ar fáil. Athbhreithníonn an bord cuntas agus feidhmíocht bainistíochta in aghaidh an bhuiséid.
- Tá cóid iompair do stiúrthóirí agus d'fhostaithe i bhfeidhm agus tá siad foilsithe ar láithreán gréasáin an chomhlachta.

Rinne an bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais trí na céimeanna thuasluaite in 2014.

STAILEANNA

Bhí an bhliain is fearr ag **Invincible Spirit**. Bíonn naoi rás Grúpa 1 thar achar aon mhíle i bhFéilire Rásaíochta na hEorpa agus bhuaigh mic le Invincible Spirit seacht gcinn díobh in 2014, idir Kingman agus Charm. Staileanna graire atá anois sa dá bhromach sin (sa Ríocht Aontaithe) agus leis sin tá méadú tagtha ar a shliocht agus deich mac leis ar graí. An ceann is iontaí díobh sin ná "I Am Invincible", an t-aon mhac leis ar graí sa Leathsféar Theas a bhí ina Sheaimpín mar Stail Chéad Shéasúr san Astráil agus ina athair ar bhuaiteoir Rása Ghrúpa 1 óna chéad ghlúin.

Tá sé ag éirí níos riachtanaí athinfeistiú a dhéanamh i staileanna ionchais le súil agus teacht ar chomharba do Invincible Spirit. Tá **ag éirí go hiontach i gcónaí le Big Bad Bob**; tá glúin eile capall dhá bhliain d'aois eile agus cinn a bhfuil seans acu cruthú go maith sna rásaí is fearr ina measc. An ceann is fearr díobh sin ná Bocca Baciata, a d'fhéadfadh rásaí clasaiceacha na láireog a bhuanach in 2015.

Ag **Lord Shanakill** a bhí an dara céatadán ab airde buaiteoirí/reathaithe as na haithreacha chéad séasúir agus níl uaidh anois ach buaiteoir ardphróifíle chun an tús maith a bhí aige a dhaingniú. Beidh na chéad chapail 2 bhliain d'aois as **Elusive Pimpernel** ag rith in 2015 agus bhí freagra láidir ón margadh ar shearraigh **Dragon Pulse** agus **Famous Name**, mar sin tá píblíne bunaithe againn.

Chuireamar **Gale Force Ten** ar graí do 2015 agus léiríonn na háirithintí lena aghaidh gurb é sin atá ó phóraitheoirí na hÉireann – stail dathúil agus seanbhunaithe de shliocht a bhfuil an-tóir air. €5,000 an táille is ísle dó, rud a thugann deis graífheirmeoireacht bhrabúsach dár gcuid cliant.

Rud mór a tharla in 2014 ná nuair a fuair INS an ceart **Free Eagle** a sheasamh nuair a éiríonn sé as an rásaíocht. Tá clú mór ar an gcapall seo cheana féin, cé nár thosaigh sé ach ceithre uair ar an ráschúrsa agus de thoradh an t-achar a thóg sé air an bua a fháil lá Curadh-Dhuais na hÉireann, bheadh rása mór an lae sin buaite aige, dá

COMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA hÉIREANN TEORANTA

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH 2014

rithfeadh sé an rás sin agus ní an Grúpa 3 ar an gcárta céanna, lá a chéad rása mar chapall 3 bliana d'aois. Fanfaidh **Free Eagle** i mbun traenála in 2015 agus beidh ina iomaitheoir sna rásaí móra Grúpa 1, ag tosú amach is dócha sa rás Tattersalls Gold Cup i mí Bhealtaine sa Churrach.

LÁRACHA SÍOLRAITHE

Ceann de chrainn taca airgeadais an Chomhlachta ná an grúpa láracha síolraithe ar chuireamar leis le blianta beaga anuas. Bhí ceann de na blianta ab fhearr riamh againn ag na Díolacháin nuair a díoladh láireog le Invincible Spirit as Propaganda ar €720,000 ag Goffs, suim a sháraigh an €520,000 a fuairamar ar láireog le mac Invincible Spirit, Lawman. Chuir an €1.5 milliún a fuarthas ar dhíolacháin searrach bliana go mór leis an bhfeidhmíocht airgeadais níos fearr, agus léirigh freisin an cúram a dhéanann ár gcuid foirne in ullmhúchán agus cur i láthair ag díolacháin. Aitheantas air sin an líon cliant a úsáideanna an tseirbhís sin a chuirimid ar fáil, líon atá ag ardú.

Cé gur beag deis ceannaigh a fuairamar ag na díolacháin stoc póraithe in 2014, táimid sásta go bhfuil láireoga ag teacht chun cinn anois. Áirítear orthu sin leathdheirfiúr bhuaiteoir rásaí chlasaiceacha, Voleuse de Coeurs, leathdheirfiúr bhuaiteoir Grúpa 2, Pale Mimosa, agus freisin an láireog 3 bliana d'aois Aimirgin Lass a iompróidh dathanna an Uachtaráin in 2015. Cé nár rith sí aon rás mar láireog 2 bhliain d'aois, táimid ag súil go ndéanfaidh an láireog mhór seo an lánacmhainneacht a chonaic a traenálaí, John Oxx inti, a bhaint amach.

Club Póraithe agus Rásaíochta

Sheolamar Club Póraithe agus Rásaíochta in 2014. Tugann an fiontar seo deis do na baill a bheith páirteach i ngairm póraithe cúpla lárach póraithe de chuid INS chomh maith le leas beag i láireog faoi oiliúint le Invincible Spirit. €2,000 an táille ballraíochta agus feicfidh na baill gach gné den tionscal air sin.

Turasóireacht

Tháinig ardú ar an líon turasóirí arís, cé go raibh an t-ardú beagán níos lú ná an meánlíon náisiúnta. Tionchar diúltach ón mbéim atá ag cur ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin ba chúis leis sin, go pointe. Tháinig fás láidir ar líon na gcuairteoirí Éireannacha, rud a léiríonn an feabhas atá tagtha ar gheilleagar na hÉireann.

LÉARGAS

Beidh sé deacair an méid a baineadh amach in 2014 a mheaitseáil in 2015 ach tá tús maith leis an mbliain. Tá méadú chuig €100,000 curtha againn ar an táille le haghaidh Invincible Spirit agus níl an táille seo ag díspreagadh an líon cliant - táthar ag súil go mbeidh leabhar lán láracha arís aige. Cuireann sin laghdú ar an méid is féidir leis na staileanna eile a thuilleamh ach táimid sásta tacaíocht dhílis ár gcliant a fheiceáil léirithe sna háirithintí do na staileanna go léir, a mbaineann táille €1,000 le ceann amháin díobh. Déanaim freastal ar gach buiséad.

Táimid ag ceiliúradh comórach céad bliain ar an “Bronntanas don Stát” a bhronn William Hall Walker i 1915, bronntanas atá fós tairbheach blianta ina dhiaidh a bhronnta. Ba é mian Hall Walker go gcabhródh Graí Náisiúnta le hearnáil phóraithe láidir a chruthú agus ceapaimid gur chabhraíomar lena mhian a bhaint amach trínár gcuid iarrachtaí.

Ba mhaith liom ár mbuíochas a chur in iúl don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney, as a chuid spéise sa chomhlacht agus as a chuid tacaíochta freisin. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le foireann na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus le foireann na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe as a dtacaíocht luachmhar. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mbainistíocht, leis an bhfoireann agus leis an bPríomhfheidhmeannach John Osborne as a gcuid iarrachtaí agus tiomantas a raibh feidhmíocht airgeadais láidir i mbliana mar thoradh air.

Matt Dempsey
Cathaoirleach

COMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA hÉIREANN TEORANTA

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014.

TORTHAÍ, DÍBHINNÍ AGUS CÚLCHISTÍ

Bhí brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas de €1,829,284 (2013 €571,251). Ní mholann na stiúrthóirí go ndearbhófaí díbhinn (2013: €Nialas) nó aistriú chuig cúlchiste (2013: €Nil).

PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS ATHBHREITHNIÚ AR AN nGNÓ

Is é príomhghníomhaíocht an chomhlachta ná graífheirmeoireacht agus turasóireacht ghaolmhar. Déileáiltear le torthaí na ngníomhaíochtaí seo i ráiteas an chathaoirligh atá in éineacht leis an tuarascáil seo.

ATHBHREITHNIÚ FEIDHMÍOCHTA

Thabhaigh an comhlacht brabús oibriúcháin don bhliain de €1,731,824 (2013: brabús (€766,968)).

GNÓTHAS LEANTACH

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh de réir mar a bhíonn an Bord sásta go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag Comhlacht Graí na hÉireann le coinneáil ag imeacht chomh fada agus is léir amach anseo.

RIOSCAÍ AGUS NEAMHCHINTEACHTAÍ

Is é straitéis an chomhlachta staileanna d'ardchaighdeán a sheasamh agus capaill rásaíochta a bheidh ábalta dul san iomaíocht i rásaí d'ardghrád a phóru agus saoráid turasóireachta ar ardchaighdeán a chur i bhfeidhm.

Tá feidhmíocht an chomhlachta ag brath go mór ar shláinte agus ar cháil na staileanna agus ar éileamh an mhargaidh dá seirbhísí agus ar leanúint ar aghaidh an leibhéil reatha taistil a bhaineann le turasóireacht idirnáisiúnta.

Is deacair rioscaí áirithe atá os comhair an chomhlachta a thomhas ach baineann siad go príomha le galair ainmhithe a chuirfeadh srian ar ghluaiseacht/thaisteal ainmhithe agus ar thurasóirí ag tabhairt cuairte ar áitreabh an chomhlachta.

Mar gheall ar nádúr an tionscail ina bhfuil an comhlacht ag feidhmiú is iad méid agus uainiú na n-ioncam sa todhchaí an neamhchinnteacht is mó ag an gcomhlacht fós.

IMEACHTAÍ Ó DHEIREADH NA BLIANA

Ní raibh aon imeachtaí ar fiú aird a thabhairt orthu ó dheireadh na bliana.

FORBAIRTÍ AMACH ANSEO

Níl aon phleananna móra forbartha ag an gcomhlacht.

SCAIRCHAIPITEAL

Tá úinéireacht thairbhiúil an scairchaipitil eisithe go léir dílsithe don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

COMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA hÉIREANN TEORANTA

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid chúrsaí an chomhlachta agus ar bhrabús agus cailiteanas an chomhlachta don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:-

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidmiú go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an comhlacht lena ghnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntais chuif a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais an chomhlachta, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá glactha go ginearálta in Éirinn agus go bhfuil said de réir reachtaíocht na hÉireann ag cloí le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní an chomhlachta a chosaint agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH

Thar ceann an bhoird, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidmiú. Ní féidir le córas dá leithéid ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar in aghaidh earráidí ábharthacha agus tá an córas atá i bhfeidhm i gcomhréir le méid agus le nádúr an chomhlachta.

Ar na nósanna imeachta tábhachtacha atá curtha i bhfeidhm ag an mbord ar mhaithe le rialú airgeadais inmheánaigh éifeachtach a sholáthar áirítear iad seo a leanas:

- Struchtúr bainistíochta sainmhínithe a bhfuil a chuid dualgas deighilte go cuif ar fud na heagraíochta.
- Tá nósanna imeachta sainiúla soiléir i bhfeidhm chun ceannach, íocaíochtaí, admhálacha agus párolla a rialú.
- Tá beirt stiúrthóirí i measc an choiste iniúchta; buaileann siad le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais. Chomh maith leis sin faigheann siad tuarascálacha tréimhsiúla ó fheidhm Iniúchta Inmheánaigh sheachfhoinsithe.
- Pléitear rioscaí gnó tábhachtacha ag an mbord agus déantar cinntí bunaithe ar an gcomhairle ghairmiúil is fearr atá ar fáil. Athbhreithníonn an bord cuntas agus feidhmíocht bainistíochta in aghaidh an bhuiséid.
- Tá cóid iompair do stiúrthóirí agus d'fhostaithe i bhfeidhm agus tá siad foilsithe ar láithreán gréasáin an chomhlachta.

Rinne an bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais trí na céimeanna thuasluaite in 2014.

COMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA hÉIREANN TEORANTA

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

Tá na stiúrthóirí atá ann faoi láthair liostaithe ar leathanach 2.

Cinneann an tAire na táillí atá iníoctha le comhaltaí Boird. Tá táillí agus speansais chomhaltaí an Bhoird i rith 2014 leagtha amach thíos:

| Comhalta boird | Táillí |
|----------------|---------|
| M Dempsey | €12,600 |
| S Brady | €8,100 |
| J Harrington | €8,100 |
| J Tuite | €8,100 |
| S Boyle | €8,100 |
| K Horgan | €8,100 |
| M Weld | €8,100 |

Íocadh €2,009 ar fad le comhaltaí boird ar éilimh speanais mhíleáiste le linn na bliana.

Freastal ar chruinnithe

Tionóladh cúig chruinniú Boird i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2014. Bhí freastal chomhaltaí an Bhoird ag na cruinnithe sin mar atá leagtha amach thíos:

| Comhalta boird | Incháilithe le Freastal | Ar freastalaíodh orthu |
|----------------|-------------------------|------------------------|
| M Dempsey | 5 | 5 |
| S Brady | 5 | 4 |
| J Harrington | 5 | 4 |
| J Tuite | 5 | 5 |
| S Boyle | 5 | 4 |
| K Horgan | 5 | 5 |
| M Weld | 5 | 4 |

Tionóladh ceithre chruinniú Boird i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2014. Bhí freastal chomhaltaí an Bhoird ag na cruinnithe sin mar atá leagtha amach thíos:

| Comhalta an choiste | Incháilithe le Freastal | Ar freastalaíodh orthu |
|--------------------------|-------------------------|------------------------|
| J Malone (cathaoirleach) | 4 | 4 |
| S Brady | 4 | 4 |
| S Boyle | 4 | 1 |

Tá luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh ag teacht le “Treoirínte ar Chonarthaí, Luach Saothair agus coinníollacha eile na bPríomhfheidhmeannach agus Bhainistíocht Shinsearach na gComhlachtaí Stáit Tráchtála” a eisíodh i Márta 2006 agus a bhfuil achoimre déanta air i Nóta 4 leis na ráitis airgeadais.

COMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA hÉIREANN TEORANTA

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

LEABHAIR CHUNTAIS

Is iad na bearta atá déanta ag na stiúrthóirí lena chinntiú go gcloítear le hAlt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990 ná foireann chuntasaíochta cháilithe chuí a fhostú agus córais chuntasaíochta ríomhairithe a chothabháil. Tá leabhair chuntais an chomhlachta coinnithe i dTulaigh, Co. Chill Dara.

INIÚCHÓIRÍ

Athcheapfar na hiniúcháirí, PricewaterhouseCoopers de réir Alt 160(2) Acht na gCuideachtaí, 1963

AN tACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Áirítear an comhlacht mar cheannaitheoir liostaithe earraí agus seirbhísí i sceideal an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus atá faoi réimse freagrachtaí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall i gcás Bearta Tráchtála) 2002 a tháinig i bhfeidhm an 7ú Lúnasa 2002. Dé réir an Achta agus na dtreoirlínte arna eisiúint ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, soláthraítear an t-eolas seo a leanas:

Is é polasaí scríofa an chomhlachta ná a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Sa chás go bhfuil Conradh scríofa ann íoctar sonraisc de réir téarmaí an chonartha. Cé go bhfuil nósanna imeachta leagtha amach le comhlíonadh de réir an Achta a chinntiú ní féidir leo ach deimhniú réasúnach agus ní deimhniú iomlán a thabhairt in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta. Níor íocadh aon ús i rith na bliana.

Arna síniú thar ceann an Bhoird:

Matt Dempsey

Stiúrthóir

Mark Weld

Stiúrthóir

Dáta: 5ú Márta 2015

Dáta: 5ú Márta 2015

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH CHUIG COMHALTAÍ CHOMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA hÉIREANN TEORANTA

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann, Teoranta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 atá comhdhéanta den Chuntas Brabúis agus Caillteanais, Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais lomlána Aitheanta, An Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, Ráiteas na mBeartais Chuntasaíochta agus na nótaí gaolmhara. An creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm in ullmhúchán na ráiteas airgeadais seo ná dlí na hÉireann agus na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn).

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúchóirí faoi seach

Mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóir ar leathanach 6, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as léargas fíor agus cothrom a thabhairt. Is í an fhreagracht atá orainn iniúchadh a dhéanamh agus tuairim a thabhairt ar na ráitis airgeadais de réir dhlí na hÉireann agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Éilíonn na caighdeáin sin orainn cloígh le Caighdeán Eiticiúla d'Iniúchóirí arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtas Iniúchta.

Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsean amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní d'aon chríocha eile. Ní thógaimid ná ní ghlacaimid le freagracht, agus sinn ag léiriú ár dtuairim, as aon chríocha eile ná as aon duine eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dóibh nó i cibé lámha a bhféadfadh sé dul seachas nuair a bhíonn sin comhaontaithe roimh ré i scríbhinn.

Scóip iniúchta na ráiteas airgeadais

I rith iniúchta, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtáí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhírátis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú ar na nithe seo a leanas: cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an chomhlachta, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh ar shlí leordhóthanach iad; réasúnacht na meastachán suntasach cuntasaíochta déanta ag na stiúrthóirí; agus cur i láthair ginearálta na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léamar an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad i dTuarascáil na Stiúrthóirí chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon eolas a dhealraíonn sé go bhfuil sé mícheart go hábhartha bunaithe ar an eolas a fuairamar le linn an t-iniúchadh seo a chur i gcrích, nó nach bhfuil sé ag teacht go hábhartha leis an eolas sin. Má thugaimid aon mhírátas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha faoi deara, breithnímid na tionchair a bheidh acu sin ar ár dtuarascáil.

Tuairiscímid freisin díobh, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis atá sonraithe le dlí maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta na stiúrthóirí, agus nuair is indéanta sin, cuirimid faisnéis den sórt sin san áireamh inár dtuarascáil.

Déanaimid athbhreithniú ar iarratas ó na Stiúrthóirí, cibé an léiríonn an ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh mar atá luaite sa Rialú Airgeadais Inmheánaigh i dTuarascáil an Stiúrthóra comhlíonadh an Bhoird maidir le foráil an Chóid Sárchleachtais do Rialachas gComhlachtaí Stáit atá sonraithe d'fhonn a n-athbhreithnithe ag iniúchóirí agus tuairiscímid mura ndéanann na ráitis sin. Níl sé de cheanglas orainn breithniú a dhéanamh cibé an gcuimsíonn ráitis an Bhoird ar rialú inmheánaigh na rioscaí agus na rialaithe riachtanacha, nó tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht nósanna imeachta rialachais chorparáidigh nó a nósanna imeachta maidir le riosca agus rialú.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an chomhlachta amhail an 31 Nollaig 2014 de réir Chleachtas Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn agus ar a bhrabús agus ar shreabhadh airgid don bhliain dar chríoch amhlaidh; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir riachtanais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013.

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH CHUIG COMHALTAÍ CHOMHLACHT GRAI NÁISIÚNTA NA hÉIREANN TEORANTA - ar lean

Nithe nach mór dúinn a thuairisciú de réir Acht na gCuideachtaí 1963 go 2013

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta.

- Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an gcuideachta.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.
- Tá glan-sócmhainní an chomhlachta, mar a luaitear sa Chlár Comhardaithe, níos mó ná leath méid an scairchaipitil ghlaote agus, in ár dtuairim, ar an mbunús sin ní raibh staid airgeadais ann an 31 Nollaig 2014, a d'éileodh, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, cruinniú ginearálta urghnách den Chuideachta a thionól.

Nithe nach mór dúinn a thuairisciú trí eisceacht

- Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis na forálacha in Acht na gCuideachtaí 1963 go 2013 a éilíonn orainn tuairisciú díobh sa chás, inár dtuairim féin, nach ndearnadh nochtadh maidir le luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí, mar a shonraítear le dlí.

Paul Hennessy

Do PricewaterhouseCoopers agus thar a cheann

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe

Baile Átha Cliath

9 Márta 2015

COMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA hÉIREANN TEORANTA

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta ag déileáil le míreanna a meastar a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais:

BONN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus i reachtaíocht na hÉireann atá comhdhéanta d'Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráitis airgeadais chun dearcadh fíor agus cothrom a thabhairt ná iad sin arna bhfoilsíú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta. Cuireadh leasú ar chinnteidil Achtanna Cuideachtaí áirithe chun an gnó a léiriú níos cuí.

AN COINBHINSIÚN CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil agus san fhormaid a bhíonn ceadaithe ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE AGUS DÍMHEAS

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha.

Gearrtar dímheas ar bhonn na líne díri ag rátaí a ríomhtar chun costas gach aon sócmhainn a dhíscríobh, lúide luach iarmharach measta, thar thréimhse a saol úsáideach mar seo a leanas:-

| | |
|-----------------------|-----------|
| Talamh agus Foirgnimh | 50 bliain |
| Innealra | 5 bliain |
| Fearais agus Troscán | 10 bliain |
| Mótarfeithiclí | 5 bliain |

Ní dhímheastar talamh ruíse.

SCAIREANNA STAILEANNA AGUS STOC PÓRAITHE

Cuirtear infheistíochtaí láir agus staille ar teachtadh an ghraí san áireamh i sócmhainní dochta ar a luach lúide dímheas carntha faoi réir ag aon soláthar le haghaidh laghdú buan ar luach. Tosaíonn dímheas ar stailleanna agus ar scaireanna stailleanna sa bhliain ina mbíonn an chéad chlúdach agus tá sé beartaithe an costas a dhíscríobh mar seo a leanas:

| | |
|---------------|--------------------|
| Bliain 1 to 3 | 20% i ngach bliain |
| Bliain 4 to 7 | 10% i ngach bliain |

Faoi réir go ndíscríobhtar ina iomlán na stailleanna roimh dheireadh a seachtú bliain i mbun oibre sa ghraí.

Tosaíonn dímheas láracha síolraíochta sa bhliain tar éis an chéad chlúdaigh. Tá sé beartaithe na láracha síolraíochta ar fad a dhímheas go hiomlán ar bhonn na líne díri ina iomláine roimh dheireadh a ndódhéagú bliain saoil ag tógáil ionchais saoil agus torthúlachta agus inmharthanacht tráchtála san áireamh.

STOIC

Luaitear stoic ina n-áirítear stoc folaíochta agus soláthairtí feirme ag an gcostas bunaidh agus ag an nglanluach inréadaithe. Tá costas comhdhéanta de phraghas ar sonrasc soláthróirí arna cinneadh ar bhonn isteach i

COMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA hÉIREANN TEORANTA

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

dtosach amach i dtosach. Sainmhínítear glanluach inréadaithe mar an luach díolacháin measta lúide gach costas a thabhaítear ar dhíolachán.

TÁILLE AINMNIÚCHÁIN

Is sa stoc folaíochta a áirítear an costas nó glanluach inréadaithe táillí ainmniúcháin maidir le láracha le searrach acu. Beidh an táille ainmniúcháin inchurtha ina leith i mbliain breithe searraigh úsáidte chun praghas costais stoic an searraigh a bhunú. Nuair a cheannaítear láir le searrach, úsáidtear an táille ainmniúcháin fógartha chun costas an searraigh a bhunú.

CUNTAIS NA SIONDACÁITÍ

Déanann an comhlacht bainistiú ar roinnt shiondacáití staille dá mbailíonn agus dá ndáileann sé táillí. Ní dhéileáiltear leis na hairgid sin sna ráitis airgeadais a mhéid a bhaineann siad le tríú páirtí.

COSTAIS PHINSIN

Scéim phinsin shochair shainithe atá i bhfeidhm ag an gcomhlacht, agus tá sí dúnta do chomhaltaí nua anois. Déanann iontaobhaithe an scéim a riaradh agus tá sé neamhspleách ar airgeadas an chomhlachta. Íoctar ranníocaíochtaí isteach sa scéim i gcomhréir leis na moltaí ó achtúirí neamhspleácha a chuireann ar chumas na n-iontaobhaithe freastal do shochair ón scéim a fhabhraíonn maidir le seirbhís sa todhchaí agus san am i láthair.

Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin ag baint úsáide as luachanna margaidh. Tomhaistear dliteanas na scéime pinsin ag baint úsáide as an modh aonad fortheilgthe agus lascainithe ag an ráta aschuir reatha ar bhanna corparáideach d'ardchaighdeán ar théarma agus ar airgead comhionann leis an dliteanas. Déanfar an t-ardú ar luach reatha na ndlíteanas maidir le scéim pinsin sainithe an Chomhlachta atáthar ag súil a thiocfaidh chun cinn ó sheirbhís fostaithe sa tréimhse gearrtha ar bhrabús oibríochta. Cuireadh an t-aischur ionchais ar shócmhainní na scéime agus an t-ardú le linn na tréimhse ar dliteanas na scéime a éiríonn as imeacht ama san áireamh in ioncam airgeadais eile. Aithnítear Gnóthachain agus Caillteanas Achtúireacha sa ráiteas do gnóthachain agus caillteanas iomlána.

Aithnítear barrachas na scéime pinsin, chomh fada agus a mheastar iad a bheith inaisghabhála, nó easnamh ina iomlána agus léirítear iad ar aghaidh thosaigh an chláir comhardaithe.

Déanann an comhlacht ranníocaíocht freisin i leith scéime pinsin ranníocaíochtaí sainithe d'fhostaithe atá á maoiniú ag an gcomhlacht. Coinnítear sócmhainní na scéime ar leithligh ó chuid an chomhlachta. Muirearaítear na costais chuig an gcuntas brabúis agus caillteanas de réir mar a bhíonn siad dlite.

AIRGEADRA TUAIRISCITHE

Is é an Euro an t-airgeadra tuairiscithe sna ráitis airgeadais seo.

AIRGEADRA COIGRÍCHE

Aistrítear idirbhearta i rith na bliana go Euro ag an ráta malartaithe a bhí ag rialú ag dáta an idirbhirt. Malartaítear sócmhainní agus dliteanas airgeadaíochta sonraithe in airgeadra coigríche go Euro ag ráta malartaithe a bhí ag rialú amháin an dáta ar an gClár Comhardaithe. Aithnítear difríochtaí ag teacht chun cinn mar gheall ar chomhshó i dtorthaí na bliana.

COMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA hÉIREANN TEORANTA

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

DEONTAIS CHAIPITIL
